C/2026/4450

19.8.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/4450)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’

Uimh. AE: PDO-BA-03453 — 11.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **An tríú tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL AICEANTA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0405 – Im agus saillte agus olaí eile a fhaightear ó bhainne; leatháin déiríochta

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cineál uachtair kajmak aibí (ar a dtugtar skorup freisin) é ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’ a fhaightear tríd an tsraith uachtarach de bhainne bó a phróiseáiltear go teirmeach agus a fhuaraítear a dheighilt, ar uachtar é a aistrítear isteach i gceaig adhmaid chun aosú agus a bhfuil aibíocht iomchuí bainte amach aige, agus a aistrítear chuig craiceann caorach chun aibiú. Táirgtear é ó bhainne iomlán bó gan saothrán tús gabhála a chur leis, agus ní cheadaítear ach breiseán amháin, mar atá salann boird. Tagann bainne ó bha déiríochta de phórtha éagsúla agus cumaiscthe, ach go háirithe ó phór dúchasach áitiúil, mar atá eallach Gatačko (atá frithsheasmhach in aghaidh aeráid sléibhe chrua), a phóraítear agus a chothaítear laistigh den limistéar geografach arna shainiú ag teorainneacha riaracháin Bhardas Gacko. Déantar ‘Татачки кашмак из мшешине / Gatački kajmak iz mješine’ a tháirgeadh ó bhainne ó bhleán amháin nó ó dhá bhleán (bleán tráthnóna agus bleán maidine). Ní mór an bainne a phróiseáil laistigh de 24 uair an chloig tar éis an chéad bhleáin ar a dhéanaí.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Bíonn blas sonrach, blas bainniúil géar agus blas goirt ar 'Татачки каšмак из мšешине / Gatački kajmak iz mješine'. Bíonn dath idir buí éadrom agus buí ar an táirge, ag brath ar chomhdhéanamh an bhainne. Bíonn an boladh taitneamhach bainniúil dian, in éineacht le blasanna aramatacha an-láidir. Bíonn dlús aonfhoirmeach inleata ann.

Ba cheart na saintréithe seo a leanas a bheith in 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine':

— cion ábhair thirim: ≥ 70 %,

— cion saille bainne ≥ 85 % san ábhar tirim,

— Cion NaCl ≤ 3 %.

Cuirtear 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine' ar an margadh go díreach ón gcraiceann caorach nó pacáilte i bpacáistíocht iomchuí, folús-séalaithe nó pacáilte in atmaisféar modhnaithe. Déantar uachtar kajmak atá pacáilte i bpacáistíocht a stóráil agus a choinneáil ag 4 go 8 °C.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna táirgthe uile a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe, mar atá: pórú agus bleán bó, bailiú agus próiseáil bainne, táirgeadh agus aosú uachtair kajmak i gceaig adhmaid, agus ullmhú an chraicinn caorach agus aibiú an uachtair kajmak sa chraiceann caorach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór pacáil 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine' a dhéanamh laistigh de limistéar geografach theorainn riaracháin Bhardas Gacko.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Léiríonn teorainn riaracháin Bhardas Gacko limistéar geografach táirgthe 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine'. Tá Bardas Gacko suite in Oirthear na Heirseagaivéine, in oirdheisceart na Boisnia agus na Heirseagaivéine. 736 km² atá i gcríoch Bhardas Gacko agus tá teorainn aici le sléibhte Zelengora, Volujak, Lebršnik, Kosovi vrh, Golija, Troglav, Bjelasnica, Magrop agus Ivica. Is iad Foča agus Kalinovik na bardais atá in aice láimhe ó thuaidh, Nevesinje san iarthar agus Bileća ó dheas, agus is í Poblacht Mhontainéagró a chomharsa san oirthear (bardais Nikšić agus Plužine).

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Eascraíonn saintréithe sonracha 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine' as saintréithe an bhainne a fhaightear ó bha déiríochta de phórtha measctha agus cumaiscthe, agus baineann tábhacht ar leith leis an eallach dúchasach Gatačko, ar crosphórú é idir na pórtha Buša agus Glas Alpach. Is é an modh traidisiúnta a forbraíodh go háitiúil chun uachtar kajmak a tháirgeadh a mhúnlaíonn sainiúlacht an táirge freisin, ar modh é a forbraíodh i mBardas Gacko agus a bhaineann le haibiú i gcraicne caorach a ullmhaítear ar bhealach ar leith, mar aon le dálaí comhshaoil, aeráid agus geolaíocht an limistéir gheografaigh táirgthe.

Comhfhreagraíonn limistéar geografach táirgthe 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine' do limistéir na Heirseagaivéine mar a bhfuil an aeráid sléibhe/aeráid Mheánmhuirí i réim, ar aeráid í, in éineacht leis an ithir charst, a chruthaigh bithéagsúlacht shonrach fhéaraigh Gacko, agus léiríonn 'Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine' dea-bholadh agus airíonna cothaitheacha na bithéagsúlachta sin.

Baineann an táirgeadh traidisiúnta le haiste bhia iomlán nádúrtha na n-ainmhithe, rud a léiríonn sainiúlacht na héagsúlachta plandaí ar na féaraigh, rud a chinneann saintréithe an bhainne a tháirgtear i limistéar geografach Bhardas Gacko. Chruthaigh dálaí nádúrtha na masaífe sléibhe, an aeráid sléibhe/aeráid Mheánmhuirí, an airde thart ar 1 000 méadar agus an ithir charst clúdach fásra uathúil, inarb é lus an chromchinn (*Narcissus poeticus subsp. radiiflorus*) is mó a sheasann amach. Ráthaítear leis sin go léir go dtáirgtear bainne atá saibhir i saillte agus i bpróitéiní, agus bíonn tionchar díreach aige ar acmhainneacht láidir aramatach an bhainne.

Chomh maith leis sin, mar gheall ar an modh leathfhairsing póraithe eallaigh, nósanna traidisiúnta, na dálaí maireachtála measartha sa Heirseagaivéin agus limistéir mhóra féaraigh nádúrtha, is féidir le ba déiríochta thart ar 6 mhí a chaitheamh ag innilt. Bíonn cáilíocht an bhainne ó bha saor-raoin níos airde, agus tairbhíonn na ba den fánaíocht leanúnach lasmuigh toisc nach mbuailtear breoite chomh minic céanna iad. Forlíontar a n-aiste bhia le méid mór beatha beostoic (féar tirim agus gránaigh de chuid na bhfeirmeoirí féin ar ardchaighdeán gan aon réamh-mheascán, dlúthbhia ná sadhlas a chur isteach, ar rudaí iad a bhfuil toirmeasc orthu in aiste bhia na mbó sin) ón limistéar sainithe, rud as a n-eascraíonn nasc láidir idir an limistéar geografach agus an táirge. I dtimpeallacht den sórt sin, bíonn saibhreas béite-charaitéine níos airde sa bhainne, agus sin é is cúis leis an dath saintréitheach idir buí éadrom agus buí a bhíonn ar uachtar kajmak aibí, agus is ann do mhicreaflóra saibhir éagsúil a aistrítear chuig an uachtar kajmak.

Is éard atá sa bheostoc ba déiríochta de phórtha measctha agus cumaiscthe, ach tá tábhacht ar leith ag baint leis an bpór dúchasach áitiúil — eallach Gatačko. Le crosphórú na bpórtha Buša agus Glas Alpach cruthaíodh pór dúchasach, an t-eallach Gatačko, a bhíonn in ann aeráid sléibhe chrua an réigiúin carst sin a sheasamh. Cé nach pór é atá dírithe go mór ar an déiríocht, bíonn cion ard saille bainne (os cionn 4 %) agus próitéine i mbainne an eallaigh dhúchasaigh sin. Cuireann an cion níos airde cáiséine le táthú na saille bainne, rud a fhágann go mbíonn sraith uachtair kajmak is tibhe agus is airde cáilíocht ann a chuirtear isteach sa chraiceann caorach ina dhiaidh sin. A bhuí le saill ardcháilíochta uachtar kajmak a dhéantar as bainne eallach Gacko, is fearr a sheasann sé an próiseas fada aibiúcháin i gcraiceann caorach.

Chomh maith leis an méid thuas, rannchuidíonn cóngaracht na bhfeirmeacha ina dtáirgtear an bainne agus na limistéir ina bpróiseáiltear é le comhdhéanamh an bhainne agus le cáilíocht riachtanach na saille bainne a choinneáil ar bun. Mar gheall ar an gcóngaracht sin idir táirgeadh agus próiseáil an bhainne, chomh maith leis an bpróiseáil thapa a dhéanann na hoibreoirí ar an mbainne, coinníonn an tsaill bhainne a cáilíochtaí uile.

Bronnann teicneolaíocht táirgeachta dhúchasach saintréithe speisialta ar ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’. Is é an t-aibiú i gcraiceann caorach sainullmhaithe an phríomhchéim sa táirgeadh, rud a fhágann go seasann sé amach ó tháirgí comhchosúla. Ullmhaítear an craiceann caorach chun an t-uachtar kajmak a aibiú trí chraiceann caorach maraithe a ní agus a bhearradh. Agus an craiceann á ullmhú, teastaíonn teicníc speisialta chun damáiste don chraiceann a sheachaint, toisc go millfí an t-uachtar kajmak dá dtiocfadh aer isteach trí chraiceann damáistithe. Iompaítear an craiceann isteach is amach, ceanglaítear na hoscailtí go léir, teanntar an craiceann, agus déantar é a aerthriomú agus/nó a dheatú. Ní féidir ach craiceann gan damáiste a úsáid. Chun na hoscailtí uile sa chraiceann a dhíghalrú, déantar iad a chuimilt le fínéagar nó le branda traidisiúnta (branda plumaí nó branda fíonchaor). Nuair a bhíonn an triomú thart, scaoiltear an t-aer as an gcraiceann caorach agus coinnítear i seomra triomúcháin nó i gcuisneoir é. Sula n-úsáidtear é, ní mór an craiceann caorach a chur ar maos in uisce chun é a bhogadh, agus ina dhiaidh sin is féidir é a shruthlú le fínéagar. Cuirtear uachtar kajmak a cuireadh i gceaig roimhe sin i gcraiceann caorach a ullmhaíodh ar an gcaoi sin.

Faoi thionchar aibiú an chraicinn caorach, tarlaíonn próisis chasta bhithcheimiceacha san uachtar kajmak as a n-eascraíonn substaintí aramatacha sonracha agus an comhdhéanamh cothaitheach, ar rudaí iad a thugann a airíonna céadfacha agus cothaitheacha saintréitheacha don táirge. Bíonn dath idir buí éadrom agus buí ar an táirge, ag brath ar chomhdhéanamh an bhainne. Bíonn cion ard ábhair thirim ann, os cionn 70 %, mar aon le cion saille bainne in ábhar tirim nach féidir a bheith níos ísle ná 85 % sa táirge deiridh, rud a thugann comhsheasmhacht aonfhoirmeach inleata don táirge. Forbraítear léiriú aramatach dian, sa tsrón agus sa bhéal araon, ina measctar beagán seirbhe, agus blasanna agus siollaí bainniúla agus goirte a threisíonn na blasanna agus na dea-bholaithe bunaidh freisin agus a thugann a ghnéithe speisialta don táirge sin mar gheall ar an aibiú i gcraiceann caorach.

Tá airíonna sonracha ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’ bunaithe go príomha ar airíonna an bhainne, chomh maith lena aibiú sa chraiceann caorach, ar próiseas é a d’fhorbair agus a bhuanaigh na próiseálaithe. Sa lá atá inniu ann, bíonn láithreacht ollmhór sa chócaireacht réigiúnach ag ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’, agus bíonn sé in úsáid go forleathan acu siúd ar mór leo cócaireacht thraidisiúnta na Heirseagaivéine, ar daoine iad a bhfuil meas acu ar a cháilíocht.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

Iris Oifigiúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine, Uimh. 42/24 ón 18.6.2024. – fógra maidir le cur isteach an iarratais ar chlárú ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’.

Mar a léirítear san fhógra seo, foilsíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh ‘Татачки кајмак из мјешине / Gatački kajmak iz mješine’ ar shuíomh gréasáin oifigiúil Ghníomhaireacht um Shábháilteachta Bia na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus is féidir rochtain a fháil uirthi tríd an hipearnasc idirlín seo a leanas:

https://fsa.gov.ba/wp-content/uploads/2026/02/Small-modification_Gatacki-kajmak.pdf